Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



# Gairm san AE

## Straitéis na hÉireann chun ionadaíocht na hÉireann in Institiúidí agus Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh a mhéadú

*Íomhá Chlúdaigh: © Íomhánna Getty*

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| 02 | Brollach an tAire Gnóthaí Eachtracha |
| 03 | Brollach an tAire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha |
| | An Straitéis |
| 04 | Réamhrá |
| 06 | An Ról a Fheidhmíonn Oifigeach AE |
| 07 | Ionadaíocht na hÉireann sa Choimisiún Eorpach: Léargas |
| 08 | Institiúidí agus Gníomhaireachtaí an AE |
| 10 | An Chaoi a nEarcaítear Oifigigh AE |
| 12 | Oiliúnachtaí |
| 14 | An Ghaeilge in Institiúidi an Aontais Eorpaigh |
| 16 | An Straitéis |
| 24 | Conclúid |
| 25 | Iarscríbhinn I<br>Ionadaíocht na hÉireann sna hInstitiúidí AE |
| 26 | Iarscríbhinn II<br>Miniú ar Líon na n-Earcach Éireannach |

# Brollaigh



© RGE

## An tAire Gnóthaí Eachtracha agus an tAire Cosanta, Simon Coveney T.D.

Tá Éire tar éis tairbhe as cuimse a bhaint dá stádas mar bhallstát den Aontas Eorpach. Bhain ríthábhacht leis dár gclaochlú eacnamaíoch agus sóisialta, agus chuidigh sé linn an tsíocháin agus an chobhsaíocht pholaitiúil a thógáil ar an oileán seo.

Ó ghlac Éire ballraíocht san Aontas Eorpach i 1973, tá Éire tar éis ról ríthábhachtach a fheidhmiú i bhforbairt ár gcomhthionscadail Eorpaigh. Na hÉireannaigh a oibríonn in Institiúidí an Aontais Eorpaigh inniu, déanann siad amhlaidh thar ceann beagnach 450 milliún saoránach ó 27 mBalltstát.

Beidh sé mar aidhm leis an straitéis nua seo líon na nÉireannach a oibríonn do na hinstitiúidí agus gníomhaireachtaí AE a mhéadú. Beidh sé tábhachtach go leanfaidh oifigigh AE Éireannacha ar aghaidh ag feidhmiú mar bhealaí idirghníomhaithe tábhachtacha idir ár gcóras náisiúnta agus na hinstitiúidí AE, agus go dtabharfaidh siad na léargais agus na scileanna leo nach bhfuil ag daoine ar bith eile. Beidh sé tábhachtach don Aontas Eorpach freisin go leanfaidh sé leis ag baint tairbhe as saineolas agus cruthaitheacht na nÉireannach tréitheach agus dúthrachtach.

Is leis na bearta uaillmhianacha a leagtar amach sa straitéis nua seo a áiritheoidh go bhfaighidh Éireannaigh róil sna hinstitiúidí AE sna blianta amach romhainn, ionas gur féidir le hÉireannaigh coinneáil orthu ag croílár na hEorpa do na glúnta amach romhainn.

# Brollaigh

An tAire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha,
Thomas Byrne T.D.



© RGE

Tá ríméad orm *Gairm san AE - Straitéis na hÉireann* a sheoladh chun ionadaíocht na hÉireann a mhéadú in Institiúidí agus Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh.

Tá an Rialtas tiomanta do láithreacht na hÉireann in institiúidí an Aontais Eorpaigh a mhéadú.  Aithnímid an ról ríthábhachtach a d'fheidhmigh an oiread sin oifigeach le himeacht na mblianta ar mhúnlú beartas agus cinntiú lenar bhain tionchar chomh dearfach sin ar ár mbeatha abhus in Éirinn, agus ar bheatha na saoránach AE ar fud an Aontais.

Tugadh gealltanas i gClár an Rialtais chun straitéis nua a fhorbairt le láithreacht na nÉireannach i measc na ngrád sinsearach d'institiúidí an Aontais a mhéadú.

Mar an tAire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha, feicim an tábhacht a bhaineann leis an oiread glórtha Éireannacha agus is féidir ag dul i bhfeidhm ar chinntí Eorpacha ar gach leibhéal. Ar ndóigh, bheimis ag dúil go n-oibreodh oifigigh AE thar ceann an Aontais trí chéile seachas ar son Ballstáit amháin ar leith.

Bíonn deiseanna gairme iontacha ann d'Éireannaigh san Aontas Eorpach, go háirithe do chéimithe óga. Bíonn scileanna teanga fíorthábhachtach dóibh siúd ag iarraidh gairm a fhorbairt sna hInstitiúidí, agus mholfainn go háirithe dóibh siúd a bhfuil ardleibhéal Gaeilge acu (nó aon teanga AE eile) machnamh faoi ghairm san AE.

Is í an aidhm leis na bearta sa straitéis seo na gairmeacha sin a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne agus na scileanna a thabhairt do níos mó Éireannach a bheidh de dhíth orthu chun poist san AE a fháil. Ba cheart go gcinnteodh an straitéis go gcoinneoidh Éireannaigh orthu ag feidhmiú róil i múnlú na hoibre tábhachtaí a shaothraíonn an tAontas dúinne go léir.

# 1

## Réamhrá

Is féidir le hoifigigh Éireannacha ag obair san AE cuidiú chun beartais AE a mhúnlú agus a chur chun feidhme ar chun leasa na hÉireann iad. Is eol dóibh cultúr, córas agus tosaíochtaí na hÉireann. Is pointí teagmhála úsáideacha iad d'oifigigh Rialtas na hÉireann ar chúrsaí AE, agus is féidir leo luathrabhadh a thabhairt don chóras Éireannach maidir le cinntí reachtúla nó beartais ag teacht aníos ag a bhféadfadh tionchar a fheidhmiú ar Éirinn.

Beidh "claochlú déimeagrafach" romhainn anois in Éirinn ámh ina hionadaíocht i measc bhaill foirne na nInstitiúidí AE, toisc go rachaidh go leor oifigeach Éireannach sinsearach agus le seirbhís fhada curtha díobh ar scor sna blianta beaga amach romhainn. Cé go bhfuil dóthain ionadaíochta ag Éirinn faoi láthair, agus go deimhin féin go bhfuil Éireannaigh tar éis seirbhís a thabhairt sna hInstitiúidí ag na leibhéil is sinsearaí san am atá caite, tá gannionadaíocht mhór ag Éirinn anois ag na leibhéil bhunbhainistíochta agus mheánbhainistíochta ar fud na nInstitiúidí. Bainfidh tábhacht straitéiseach leis an gcaoi a gcoinníonn Éireannaigh orthu ag múnlú na mbeartas AE ar gach leibhéal. Táthar ag tuar go dtiocfaidh titim mhór ar leibhéil na hionadaíochta Éireannaí go ceann deich mbliana eile mura ndéantar beart éigin anois.

Sin é an fáth gur tugadh gealltanas i gClár an Rialtais 2020 d'fhorbairt na straitéise seo, leis an aidhm chun líon na nÉireannach a dhéanann iarratas rathúil ar phoist sna hInstitiúidí AE a mhéadú.

*Ceart Íomhá: An Coimisiún Eorpach, Berlaymont, an Bhruiséil, an Bheilg*
*© Ionadaíocht na hÉireann sa Choimisiún Eorpach: Léargas*



## Tugann an Rialtas na gealltanais chun:

1. An feachtas reatha Poist san AE a mhéadú, lena n-áirítear cur chun cinn agus for-rochtain do scoláirí dara leibhéal agus tríú leibhéal.
2. Tacaíocht agus oiliúint shaincheaptha a chur ar fáil d'iarrthóirí Éireannacha a chuireann isteach ar phoist in Institiúidí an Aontais.
3. Acmhainní breise a chur ar fáil a bheidh tiomanta do thacú le húsáid na Gaeilge mar theanga oifigiúil de chuid an Aontais, ábhar oiliúna a chur ar fáil as Gaeilge san áireamh.
4. An maoiniú le haghaidh na Scéime Lármhaoinithe le haghaidh Saineolaithe Náisiúnta ar lasacht a mhéadú chun gur féidir 50 státseirbhíseach Éireannach a thabhairt ar iasacht d'Institiúidí AE gach bliain, i gcomparáid leis na 24 státseirbhíseach a thugtar faoi láthair.
5. An clár reatha scoláireachta a leathnú, chun gur féidir le 10 mac léinn Éireannach iarchéime, ar a laghad, staidéar a dhéanamh ag Coláiste na hEorpa in Brugge agus Natolin.
6. Sruth a chruthú laistigh de státseirbhís na hÉireann le haghaidh speisialtóirí AE, a dtabharfar cúnamh dóibh agus iad ag cur isteach ar phoist le hinstitiúidí an Aontais.

# 2

# An Ról a Fheidhmíonn Oifigeach AE

Bíonn gairmeacha tairbheacha ag oifigigh a oibríonn in Institiúidí agus Gníomhaireachtaí an Aontais i dtimpeallacht uathúil ilchultúrtha agus ilteangach. Freastalaíonn oifigigh AE ar 446 milliún saoránach AE thar 27 mBallstát, agus forbraíonn agus cuireann siad chun feidhme beartais a mbaineann tionchar mór leo ar bheatha daoine.

Bíonn réimse fíorleathan i gceist le hobair an AE, agus teastaíonn foireann ó na hInstitiúidí agus Gníomhaireachtaí chuige sin ag a mbíonn éagsúlacht cúlraí agus tacar sainscileanna. Bíonn saineolaithe beartais, teangeolaithe agus dlíodóirí de dhíth, maille le heacnamaithe, speisialtóirí TFC, eolaithe, saineolaithe leighis agus talmhaíochta agus innealtóirí, i dteannta le foireann riaracháin agus tacaíochta ó chúlraí níos ginearálta.

Is fíorleathan freisin é réimse na láithreacha oibre. Agus beagáinín os cionn a leath d'fhoireann iomlán an AE i bhfostaíocht ag an gCoimisiún Eorpach, is amhlaidh a earcaíonn Institiúidí eile - cosúil le Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh - baill foirne ar bhonn rialta. Déanann na Gníomhaireachtaí AE amhlaidh freisin, bunaithe ar fud na 27 mBallstát, lena n-áirítear Eurofound atá lonnaithe i mBaile Uí Lachnáin, Co. Átha Cliath.



*Oibríonn oifigigh an AE i réimsí éagsúla róil in Institiúidí, Gníomhaireachtaí agus Comhlachtaí an AE lonnaithe i ngach ceann de na 27 mBallstát © Íomhánna Getty*

# Ionadaíocht na hÉireann sa Choimisiún Eorpach: Léargas

Is é an **Coimisiún Eorpach** an **fostóir is mó d'institiúidí an AE,** le **30,000** duine.



Ag obair sa **Bhruiséil, i Lucsamburg,** sna **Ballstáit eile** agus **timpeall an domhain** i **dToscaireachtaí an AE.**

Meastar go **bhfágfaidh** thart **78 nÉireannach idir 2021 agus 2025.**





Imreofar, dá bhárr sin, **tionchar mór ar ionadaíocht na hÉireann** laistigh den **Choimisiún.**

**Oibríonn 50 nÉireannach i bpoist bheartais (AD5-AD8)** sa **Choimisiún.**



**Ba cheart go mbeadh 69 nÉireannach ag obair ag an ngrád seo** le go mbeidh **cothromaíocht thíreolaíoch ann.**




**Oibríonn 227 nÉireannach sa Choimisiún mar riarthóirí** (bainisteoirí agus teangeolaithe san áireamh).




*Oibríonn roinnt oifigeach ón gCoimisiún in Éirinn i Stiúrthóireacht um Iniúchtaí agus Anailísiú Sláinte agus Bia (DG SANTE), atá lonnaithe sa Ghráinseach, Co. na Mí.*

# Institiúidí agus Gníomhaireachtaí an AE






| | |
|---|---|
| **ACER** | *An Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh* |
| **BEREC** | *Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach* |
| **CDT** | *Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí An Aontais Eorpaigh* |
| **CEDEFOP** | *An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna* |
| **CEPOL** | *Gníomhaireacht an AE um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí* |
| **CPVO** | *An Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí* |
| **EASA** | *Gníomhaireacht an AE um Chibearshlándáil* |
| **EASME** | *An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide* |
| **EASO** | *Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn* |
| **EBA** | *An tÚdarás Baincéireachta Eorpach* |
| **ECA** | *Cúirt Iniúchóirí Na hEorpa* |
| **ECDC** | *An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú* |
| **ECHA** | *Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán* |
| **EDA** | *An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint* |
| **EDPS** | *An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí* |
| **EEA** | *An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil* |
| **EEAS** | *An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí* |
| **EESC** | *Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa* |
| **EFCA** | *An Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach* |
| **EFSA** | *An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia* |
| **EGSA** | *An Ghníomhaireacht Eorpach GNSS* |
| **EIGE** | *An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne* |
| **EIOPA** | *Údarás Árachais agus Pinsin Ghairme Eorpach* |
| **EIT** | *Institiúid Eorpach um Nuáil agus Teicneolaíocht* |
| **ELA** | *An tÚdarás Eorpach Saothair* |
| **EMA** | *An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach* |
| **EMCDDA** | *Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí* |
| **EMSA** | *An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí* |
| **ENISA** | *Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil* |
| **EUFRA** | *Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha* |
| **EUIPO** | *An Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach* |
| **EU ISS** | *An Foras Eorpach um Staidéar Slándála* |
| **EU-LISA** | *Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um chórais mhórscála TF* |
| **EUOHSA** | *An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair* |
| **EUROFOUND** | *An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú* |
| **EUROJUST** | *Gníomhaireacht an AE um Chomhar Ceartais Choiriúil* |
| **EUROPOL** | *Gníomhaireacht an AE i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí* |
| **ERA** | *An Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh* |
| **ERCEA** | *Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Chomhairle Taighde na hEorpa* |
| **ESMA** | *An tÚdarás Eorpach Urrús agus Margaí* |
| **ETF** | *An Fhondúireacht Eorpach Oiliúna* |
| **F4E** | *Comhleá le haghaidh Fuinnimh* |
| **FRONTEX** | *An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta* |
| **SATCEN** | *Lárionad Satailíte an Aontais Eorpaigh* |
| **SRB** | *An Bord Réitigh Aonair* |

# 3

## An Chaoi a nEarcaítear Oifigigh AE

De ghnáth ní dhéanann institiúidí an Aontais Eorpaigh earcaíocht chun poist aonair a líonadh. Ina áit sin, bíonn comórtais rialta (ar a dtugtar '*concours*') acu chun painéil iarrthóirí cáilithe a shainaithint, agus ar féidir leis na hinstitiúidí iad a earcú ansin de réir mar is gá. Tá an próiseas á reáchtáil ar fud an Aontais Eorpaigh ag an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO), seirbhís earcaíochta an Aontais.



*Faigheann iarrthóirí poist san AE trí iarratas a dhéanamh ar chomórtais oscailte, ar a nglaotar "concours" go coitianta © Ionadaíocht na hÉireann sa Choimisiún Eorpach: Léargas*

Cé go reáchtálann EPSO go leor comórtas earcaíochta éagsúil, roinntear na comórtais i dtrí phríomhchineál den chuid is mó:

- *Concours* le haghaidh Riarthóirí Ginearálta
- *Concours* le haghaidh Aistritheoirí, Ateangairí, Teangeolaithe, Dlítheangeolaithe agus Speisialtóirí
- *Concours* le haghaidh Cúntóirí Ginearálta.

Is é an *Concours AD* le haghaidh Riarthóirí Ginearálta príomhchomórtas earcaíochta EPSO do chéimithe. Ag tráth an iarratais, ní mór d'iarrthóirí a bheith i seilbh céim onórach ó institiúid tríú leibhéal - nó a bheith ag dúil go bhfaighidh siad amhlaidh go luath. Ba cheart go mbeadh na hiarrthóirí líofa in dhá theanga AE ar a laghad, agus ní mór go mbeadh ceann acu mar theanga atá sonraithe don chomórtas sin. Mar shampla, is féidir le hiarrthóir Béarla agus Gaeilge a roghnú mar a dhá theanga AE.




Tar éis dóibh iarratas a dhéanamh ar líne, iarrtar ar iarrthóirí trialacha ar ríomhaire a dhéanamh atá deartha chun a gcumais chognaíocha ghinearálta agus réasúnaíocht theibí a mheas. Déantar na trialacha sin i gcéad teanga na n-iarrthóirí (a d'fhéadfadh a bheith ar aon cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear Gaeilge) agus reáchtálfar iad ina dtíortha dúchais. Glaofar ar na hiarrthóirí is fearr a n-éiríonn leo ansin chuig an dara céim sa Bhruiséil - an "t-ionad measúnaithe" mar a thugtar air - áit a ndéanann siad agallamh struchtúrtha, cleachtadh grúpa agus cur i láthair ó bhéal. Déantar an dara céim i ndara teanga na n-iarrthóirí (ní mór don teanga sin a bheith ar cheann de na teangacha atá sonraithe don chomórtas sin - Béarla, Fraincis agus Gearmáinis de ghnáth). Cuirtear na hiarrthóirí a n-éireoidh leo ón dara céim seo ar phainéil, agus tairgfidh ceann éigin de na hinstitiúidí poist dóibh de réir mar a thiocfaidh folúntais chun cinn.

Is é an *concours* an t-aon phróiseas trína n-earcaíonn institiúidí an Aontais Eorpaigh foireann bhuan. Mar sin féin, earcaíonn na hInstitiúidí foireann neamhbhuan go rialta i bhfoirm gníomhairí ar conradh agus gníomhairí sealadacha.  Bíonn na comórtais roghnúcháin do na poist sin i bhfad níos giorra agus níos neamhchasta leis ná na cinn a bhaineann le poist bhuana agus bíonn na ceanglais - go sonrach i dtéarmaí teangacha - níos teoranta. Is iad na hInstitiúidí agus na Gníomhaireachtaí iad féin a reáchtálann na comórtais sin, seachas EPSO.

# 4

## Oiliúnachtaí

Cuirtear tús le go leor gairmeacha AE trí chláir oiliúnachta na nInstitiúidí. Cuireann institiúidí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais Eorpaigh "*sealanna oiliúna*" ar fáil do chéimithe ollscoile. Cúig nó sé mhí a mhaireann an chuid is mó de na sealanna oiliúna agus is sealanna ar íocaíocht iad i bhformhór na gcásanna.



*Reáchtálann Institiúidí agus Gníomhaireachtaí uile an AE cláir oiliúna d'iarchéimithe, mar shampla i gCúirt Bhreithiúnais an AE atá lonnaithe i Lucsamburg*
*© Ionadaíocht na hÉireann sa Choimisiún Eorpach: Léargas*

Bíodh sé nó sí ag obair sa Choimisiún Eorpach, sa Pharlaimint nó i gceann de na hInstitiúidí nó Gníomhaireachtaí níos lú; bíonn obair an duine faoi oiliúint (ar a dtugtar '*stagiaire*') thar a bheith éagsúil agus fiúntach, agus cuimsíonn sí gach rud ó ullmhú beartas agus páipéar seasaimh go comhordú cuairteanna. Glacann go leor céimithe Éireannacha i gcláir oiliúnachta AE in aghaidh na bliana.






## Niall Judge

An Coimisiún Eorpach

" Táim ag obair in Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide de chuid an Choimisiúin Eorpaigh ar an bhfeachtas cumarsáide suaitheanta uile-Eorpach chun NextGenerationEU a chur chun cinn. Ba mar oiliúnaí a chuir mé tús le mo ghairm AE, agus tar éis seal a chaitheamh san earnáil phríobháideach, d'fhill mé ar an gCoimisiún mar ghníomhaire ar conradh. Lig sé sin dom tuilleadh a fhoghlaim faoin gcaoi a bhfeidhmíonn an institiúid féin agus aithne a chur ar na daoine laistigh di ag an am céanna. Cuidíonn sé sin má fhaigheann tú pas in concours faoi dheireadh agus más gá duit post a aimsiú.

Ní gá aon imní a bheith ort an comórtas a dhéanamh i do dhara teanga mura bhfuil sí go hiomlán ar do thoil agat. "Ní gá duit a bheith go hiomlán líofa, chomh fada agus is féidir leat do smaointe a chur in iúl go soiléir san agallamh."

"

Murab ionann agus an próiseas earcaíochta le haghaidh post buan, ní bhíonn baint ag EPSO leis na cláir oiliúnachta. Ina áit sin, reáchtálann gach Institiúid a phróiseas iarratais féin.

Soláthraíonn Gluaiseacht na hEorpa in Éirinn seirbhís áisiúil do chéimithe Éireannacha a bhfuil suim acu dul i mbun oiliúna. Chomh maith le fógraíocht a dhéanamh ar na deiseanna post agus intéirneachta is déanaí san Eoraip, foilsíonn an Ghluaiseacht treoir bhliantúil ar oiliúnachtaí san Aontas Eorpach, an Leabhar Glas, a ullmhaítear go sonrach d'iarrthóirí Éireannacha.

# 5

## An Ghaeilge in Institiúidí an Aontais Eorpaigh

Aithníodh an Ghaeilge mar theanga oibre de chuid an AE in 2007, agus beidh stádas oifigiúil iomlán aici tar éis tréimhse mhaolaithe mar theanga AE ó 2022 ar aghaidh. Ag ullmhú do dheireadh an mhaolaithe, tháinig dúbailt ar líon na ndoiciméad a cuireadh ar fáil trí Ghaeilge idir na blianta 2016 agus 2019. Clúdaítear leis sin an reachtaíocht, inneachar don ghréasán, agus ábhar polaitiúil, cumarsáide, comhairliúcháin agus tuairiscithe.



*Ó 2022 ar aghaidh, beidh an Ghaeilge ina teanga oibre iomlán de chuid an AE.*
*In 2020, d'oibrigh 138 nduine i seirbhísí Gaeilge sna hInstitiúidí*
*© Ionadaíocht na hÉireann sa Choimisiún Eorpach: Léargas*

D'fhonn an t-éileamh nua sin a shásamh, tháinig ardú ar líon na mball foirne Gaeilge i seirbhísí teanga Institiúidí AE ó 58 go 138 idir deireadh na bliana 2015 agus deireadh na bliana 2020.

Earcaíonn an tAontas Eorpach profléitheoirí, cúntóirí teanga, aistritheoirí, eagarthóirí, ateangairí, dlítheangeolaithe agus oifigigh eile chun obair don AE trí mheán na Gaeilge. Bíonn go leor deiseanna gairme ar oscailt do Ghaeilgeoirí ar spéis leo an obair don Aontas Eorpach.

Cuireann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Spóirt, Gaeltachta agus na Meán tacaíocht fhairsing ar fáil don Ghaeilge mar theanga oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Maoiníonn an Roinn sin sainchúrsaí oiliúna do dhlíodóirí, aistritheoirí agus ateangairí in Éirinn. Maoiníonn sé freisin clár intéirneachta idirinstitiúideacha bliantúil d'aistritheoirí agus profléitheoirí a labhraíonn Gaeilge.







## Eóin MacDomhnaill

### Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

“ Táim ag obair mar dhlítheangeolaí ag CBAE i Lucsamburg ón mbliain 2007 i leith. Is iad dlítheangeolaithe an AE a chinntíonn go mbaineann an chiall chéanna le gach breithiúnas nó ordú na Cúirte i ngach aon teanga Eorpach. Is obair dhúshlánach í cé go mbainimse taitneamh aisti.

Óir is í an Fhraincis teanga oibre CBAE, caithfidh cur amach uilechuimsitheach a bheith ag dlítheangeolaithe ar an bhFraincis.

Is as Cluain Dolcáin i mBaile Átha Cliath mé mar ar fhreastail mé ar scoileanna Gaeilge. Rinne mé staidéar ar Dhlí agus Gaeilge in COC sula ndearna mé staidéar ar LLM ag Coláiste na Tríonóide, agus sular cháiligh mé mar Abhcóide ag Óstaí an Rí. Rinne mé staidéar ar an aistriúchán go Gaeilge ag Óstaí an Rí agus Gaelchultúr/Coláiste na hÉireann freisin. D’oibrigh mé mar Chúntóir Taighde Breithiúnach sna Ceithre Cúirteanna agus mar Thaighdeoir Dlí ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí in Éirinn sular tháinig mé go Lucsamburg.”

*© Ionadaíocht na hÉireann sa Choimisiún Eorpach: Léargas*

# 6

## An Straitéis

Is sa straitéis a leagtar amach na céimeanna trínar féidir leis an Rialtas rannpháirtíocht Éireannach agus rátaí rathúlachta a fheabhsú sa phróiseas earcaíochta AE. Táthar tar éis na fachtóirí a théann i bhfeidhm faoi láthair ar rátaí rathúlachta a thabhairt san áireamh, lena n-áirítear an córas teanga lena rialaítear an próiseas earcaíochta agus an leibhéal ard iomaíochta do phoist ó iarrthóirí ó fud 27 mBallstát AE. Léirítear sa straitéis freisin an t-aiseolas a fuarthas ó dhaoine den phobal tríd an gComhairliúchán Poiblí arna sheoladh agus Thomas Byrne T.D., an tAire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha, i mí Dheireadh Fómhair 2020.

I láthair na huaire, fostaítear duine nó beirt Éireannach gach bliain i bpoist sna hinstitiúidí AE trí chomórtais bhunleibhéil (AD5 Ginearálaí). Is é an aidhm ag an Rialtas méadú a chur ar líon na n-oifigeach Éireannach nua a théann isteach sna hInstitiúidí ar bhonn bliantúil.

Faoin mbliain 2030 beidh sé mar aidhm againn go bhfaighidh 50 saoránach Éireannach poist ag bunleibhéal agus os a chionn.

Leagtar béim ar thrí phríomhlimistéar fócais:

- Cur chun cinn gairmeacha sna hInstitiúidí AE in Éirinn, go háirithe sa chóras oideachais, le spreagadh a thabhairt do níos mó iarratasóirí Éireannacha le haghaidh post AE.
- Tacaíocht agus oiliúint níos mó d'Éireannaigh ar spéis leo gairmeacha sna hInstitiúidí AE.
- Athchóiriú i bpróiseas earcaíochta AE a chur chun cinn chun a chinntiú go bhfaigheann Éireannaigh poist sna hInstitiúidí

## 1. Spreagadh a thabhairt do shaoránaigh Éireannacha le haghaidh post sna hInstitiúidí AE

***Deiseanna gairme a chur chun cinn sna hInstitiúidí AE in iar-bhunscoileanna agus in institiúidí tríú leibhéal***

Ba cheart spreagadh breise a thabhairt do scoláirí le spéis i ngairm AE chun leanúint ar aghaidh ag foghlaim teangacha ar thríú leibhéal. Ba chóir spreagadh a thabhairt do scoláirí Éireannacha le scileanna teanga a fuarthas lasmuigh den chóras oideachais freisin chun cur isteach ar na róil sin, cosúil le Gaeilgeoirí dúchasacha agus iad siúd a labhraíonn teanga AE eile sa bhaile. Ba cheart spreagadh a thabhairt do shaoránaigh Éireannacha sa Ríocht Aontaithe i mBallstáit AE eile freisin chun cur isteach ar na róil sin.

Is é Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (TIBÉ) an tseirbhís tacaíochta sa Roinn Oideachais do theangacha eachtracha. Cuireann sí roinnt mhór gníomhartha chun feidhme mar chuid de Straitéis Déanann Teangacha Nasc an Rialtais, lena n-áirítear feachtas ardaithe feasachta arna reáchtáil trína láithreán gréasáin agus bealaí meán sóisialta.

Is mar chuid den straitéis nua a bheartóidh an Rialtas:

- For-rochtain a fheabhsú d'iar-bhunscoileanna maidir le poist AE. Pacaí eolais a chruthú agus imeachtaí ar líne agus idirphearsanta saincheaptha a óstáil le scoláirí iar-bhunscoile in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.
- Feasacht a spreagadh faoi dheiseanna gairme sna hInstitiúidí a bhíonn ar fáil dóibh siúd le hardchumas Gaeilge.
- Feasacht a spreagadh faoi dheiseanna gairme sna hInstitiúidí do scoláirí a labhraíonn teanga AE eile sa bhaile.
- Rannpháirtíocht na dtreoirchomhairleoirí a fháil trí Institiúid na dTreoirchomhairleoirí maidir le gairmeacha sna hInstitiúidí AE. Acmhainní saincheaptha a sholáthar agus seisiúin faisnéise a óstáil maidir le gairmeacha AE le treoirchomhairleoirí chun a chinntiú go mbíonn scoláirí dara leibhéal ar an eolas.
- For-rochtain a fheabhsú do scoláirí in Éirinn trí TIBÉ chun an tábhacht a bhaineann le foghlaim teanga agus gairmeacha AE a chur chun cinn.

GAIRM SAN AE



### Eadaoin O'Donovan

An Coimisiún Eorpach

"Chuaigh mé isteach i gCoimisinéirí Ioncaim na hÉireann in 2008, mar ar oibrigh mé ar bheartas agus reachtaíocht maidir le cánacha indíreacha. Tháinig deis aníos in 2017 chun obair mar Shaineolaí Náisiúnta ar Iasacht (SNI) in AS an Chánachais agus an Aontais Custaim (AS TAXUD) sa Choimisiún Eorpach. Fuair mé taithí phearsanta ar obair a dhéanamh sna hinstitiúidí AE, agus rinne mé iarratas in 2019 ar chomórtas oscailte le haghaidh saineolaithe cánach.

Is fíordhúshlánach agus rí-iomaíoch é an "*concours*". Tugadh léargais shárluachmhara dom leis an obair sa Choimisiún mar SNI ar na héilimh a bhaineann leis an bpróiseas sin. Chuaigh mé isteach in AS TAXUD mar oifigeach i mí an Mheithimh 2020, agus táimse ag obair anois san aonad anailíse eacnamaíche, a thugann saintacaíocht anailíseach agus beartais i réimse an chánachais."

- Rannpháirtíocht le hoifigí gairmeacha sna hinstitiúidí tríú leibhéal in Éirinn a dhlúthú. Acmhainní saincheaptha a sholáthar agus seisiúin faisnéise a óstáil maidir le gairmeacha AE le spreagadh a thabhairt do mhic léinn tríú leibhéal agus lena gcur ar an eolas.
- Rannpháirtíocht le hoifigí gairmeacha sna hinstitiúidí tríú leibhéal i dTuaisceart Éireann.



*Oibríonn an chuid is mó d'oifigigh an AE sa Bhruiséil (sa phictiúr) nó i Lucsamburg © Ionadaíocht na hÉireann sa Choimisiún Eorpach: Léargas*

## 2. Na scileanna a thabhairt d'iarrthóirí Éireannacha a bheidh de dhíth chun go n-éireoidh leo

### *Scileanna teanga a fheabhsú*

Is bunriachtanas le bheith i do státseirbhíseach AE é líofacht in dá theanga Eorpacha ar a laghad. Is iondúil go mbíonn iarrthóirí Éireannacha taobh thiar dá gcomhghleacaithe Eorpacha i dtéarmaí a gcumas teanga.

Beartóidh an Rialtas an méid seo a leanas d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an gceist sin:

» Treoir a thabhairt d'iarrthóirí Éireannacha faoin gcaoi ar cheart dóibh ullmhú i gcomhair agallamh agus measúnuithe ina ndara teanga. Cuirfear ábhar cleachtaidh agus ullmhúchán d'agallamh arna soláthar ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha ar fáil i ndara teanga na n-iarrthóirí de réir mar is féidir.

» Foghlaim teangacha Eorpacha a chur chun cinn ag an dara agus ag an tríú leibhéal i gcomhar le Straitéis Déanann Teangacha Nasc reatha na Roinne Oideachais. Tá na teangacha AE seo a leanas le fáil ar churaclam na hArdteistiméireachta anois: Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Spáinnis, Liotuáinis, Polainnis agus Portaingéilis.

### *Oiliúint agus tacaíocht a thabhairt d'iarrthóirí Éireannacha*

Is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha a sholáthraíonn tacaíochtaí faoi láthair d'Éireannaigh a chuireann isteach ar róil san Aontas trína feachtas Poist AE. Áirítear leis na tacaíochtaí sin ábhar cleachtaidh saincheaptha a sholáthar, oiliúint aonair don mheasúnú, cóitseáil lárstáitse agus d'agallaimh.

Is trí mheán cuideachtaí oiliúna tríú páirtí a sholáthraítear na tacaíochtaí. Níl an t-ábhar oiliúna ar fáil trí mheán na Gaeilge i láthair na huaire, ar dúshlán d'iarrthóirí é a roghnaíonn an Ghaeilge agus an Béarla mar a gcuid teangacha measúnaithe.

Chun a chinntiú go mbíonn iarrthóirí Éireannacha lán-ullmhaithe do na comórtais earcaíochta, beartóidh an Rialtas:

» Tacaíocht a chur ar fáil d'iarrthóirí Éireannacha ina léirítear próisis mheasúnaithe agus earcaíochta EPSO.

» Tacaíocht a thabhairt d'iarrthóirí ar phoist shealadacha agus ar conradh laistigh de na hInstitiúidí, trí chleachtadh agus ábhar oiliúna a sholáthar dóibh chun cuidiú leo ullmhú i gcomhair na gcéimeanna measúnaithe agus agallaimh den earcaíocht shealadach.

» Ábhar cleachtaidh agus oiliúna a chruthú agus a chur ar fáil d'iarrthóirí sa Ghaeilge, i dteannta leis an ábhar a chuirtear ar fáil sa Bhéarla.

» Treoir a thabhairt d'iarrthóirí faoin gcaoi chun ullmhú do mheasúnuithe ina ndara teanga.



*Is institiúid iarchéime é Coláiste na hEorpa atá dírithe ar ghnóthaí an AE. Múintear ranganna trí mheán na Fraincise agus an Bhéarla ar dhá champas in Bruges, sa Bheilg (sa phictiúr) agus in Natolin, sa Pholainn © KavalenkavaVolha*

### *Coláiste na hEorpa*

Is institiúid iarchéime é Coláiste na hEorpa a thairgeann cúrsaí ar leibhéal máistreachta sa Staidéar Eorpach. Tá dhá champas ag an gColáiste – ceann amháin in Brugge, an Bheilg agus an ceann eile in Natolin, an Pholainn. Is trí mheán na Fraincise agus an Bhéarla araon a sholáthraítear an chuid is mó dá chúrsaí. Tugann sé na scileanna do scoláirí a bheidh de dhíth orthu le bheith rathúil in aimsiú post sna hInstitiúidí AE. Fuarthas amach ó staidéar le déanaí gurb iarchéimithe le Coláiste na hEorpa iad 8.3% d'oifigigh shinsearacha AE.

Tairgeann an Rannóg Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta trí scoláireacht faoi láthair ar bhonn bliantúil do shaoránaigh Éireannacha le staidéar a dhéanamh ag Coláiste na hEorpa, trí bhíthin scéime arna riaradh ag Gluaiseacht na hEorpa in Éirinn.

Dá mbeadh níos mó saoránach Éireannach i mbun staidéir ag an gColáiste nó ag institiúidí comhchosúla eile, bheifí in ann líon iarrthóirí a chruthú leis sin ag a mbeadh cumas méadaithe chun bheith rathúil i gcomórtais earcaíochta AE.

GAIRM SAN AE



## Sarah McEvoy

### Gairmithe Sóisearacha sa Toscaireacht

" Táimse ag obair i dToscaireacht an AE go dtí an Chéinia mar Oifigeach Beartais don Chomhar um Fhorbairt (JPD) le haghaidh Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta AS.

Is timpeallacht oibre fhíordhinimiciúil í an Toscaireacht go dtí an Chéinia a oireann go foirfe do ghairmí óg chun a gcuid taithí agus eolais ar an AE a fhorbairt. Tugadh cúraimí agus deiseanna foghlama nithiúla domsa ón gcéad lá, le punann oibre éagsúil agus spéisiúil.

An deontóir is mó ar domhan um chomhar forbartha is ea an tAontas Eorpach, agus is deis iontach atá sa chlár JPD do ghairmithe óga chun a gcuid eolais agus scileanna a fhorbairt ar leibhéal beartais agus deontóra, mar ar féidir athrú inbhuanaithe a ghnóthú ó bheith ag dlúthobair le rialtais."

Beartóidh an Rialtas:

- 10 scoláireacht ar a laghad in aghaidh na bliana a sholáthar do mhic léinn Éireannacha ag staidéar ag Coláiste na hEorpa.
- Cúrsaí iarchéime sna Gnóthaí Eorpacha i gColáiste na hEorpa agus in institiúidí comhchosúla eile a chur chun cinn i measc na mac léinn Éireannach tríd an bhfeachtas *Poist AE*, trí imeachtaí faisnéise a reáchtáil in ollscoileanna agus trí ábhar bolscaireachta a chruthú agus a leithdháileadh.

### *Saineolas faoin AE a mhéadú sa Státseirbhís:*

*I. Oiliúint agus tacaíocht do státseirbhísigh Éireannacha*

Bíonn tionchar ag an Aontas ar shaothar gach Roinn Rialtais, agus tá sé ag éirí níos tábhachtaí go mbeadh cur amach maith ag státseirbhísigh Éireannacha ar Institiúidí an Aontais agus ar a chuid modhanna oibre. Baineann tábhacht nach beag leis an méid sin tar éis an Bhreatimeachta, agus Éire ag iarraidh comhghuaillíochtaí nua a thógáil agus a tionchar san Aontas a chothabháil.

D'fhonn ár n-eolas córasach ar an AE a fheabhsú, agus chun líon na státseirbhíseach a fhaigheann róil AE a mhéadú, beartóidh an Rialtas:

- » Oiliúint mhionsonraithe agus spriocdhírithe a sholáthar do státseirbhísigh faoi Institiúidí agus nósanna imeachta AE.
- » Spreagadh a thabhairt do státseirbhísigh iarratas a dhéanamh ar fholúntais in Institiúidí AE.
- » Tacaíochtaí agus oiliúint a chur ar fáil do státseirbhísigh chun cuidiú leo poist a fháil sna hInstitiúidí AE.
- » Líonra Céimithe AE a bhunú laistigh den státseirbhís le fóram a sholáthar do phlé agus meantóireacht ar phoist sna hInstitiúidí.

*II. Maoiniú méadaithe don Scéim Lármhaoinithe do Shaineolaithe Náisiúnta ar Iasacht*

Bhunaigh an Rialtas an Scéim Lár-Mhaoinithe in 2013 chun tacaíocht, maoiniú agus spreagadh a thabhairt do shocrú Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht (SNInna) i bpoist lena mbaineann tábhacht straitéiseach d'Éirinn sna hInstitiúidí AE agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta eile.

Ní haon chúiteamh í an Scéim don easpa oifigeach Éireannach buan sna hInstitiúidí féin, óir ní féidir SNInna a shocrú ach ar feadh tréimhse ama theoranta (go hiondúil idir dhá agus ceithre bliana) agus ní féidir leo obair i róil bhainistíochta (m.sh. mar Cheann Aonaid sa Choimisiún).

Baineann tábhacht nach beag leis an scéim ámh chun saineolas AE a charnadh laistigh den státseirbhís. Is bealach tábhachtach é freisin chun a chinntiú go n-oibríonn Éireannaigh i limistéir bheartais ardtosaíochta ar fud na nInstitiúidí. Maoinítear an Scéim chun a chinntiú go gcuirtear 20 státseirbhíseach Éireannach ar a laghad ar iasacht chun na nInstitiúidí AE gach uile bhliain. Tá an scéim tar éis a bheith níos rathúla ná mar a réamh-mheasadh ar dtús, le 24 iasacht á maoiniú ar bhonn bliantúil tríd mheán na scéime ón mbliain 2016 i leith.

D'fhonn láithreach na hÉireann laistigh de na hInstitiúidí a mhéadú sa ghearrthéarma, beartóidh an Rialtas:

- » An maoiniú don Scéim a dhúbailt, leis an leithdháileadh bliantúil ag teacht chuig €4 mhilliún. Soláthrófar leis an méadú sin d'iasacht 50 SNI ar bhonn bliantúil, i gcomparáid leis na 24 acu faoi láthair.
- » Spreagadh a thabhairt d'oifigigh Éireannacha ar iasacht chuig na hInstitiúidí AE cur isteach ar róil bhuana le linn a n-iasachta.

*III. Plean do bhunú "Sruth AE" speisialaithe nua de státseirbhísigh*

Bheifí in ann soláthar iarrthóirí Éireannacha cáilithe a chur ar fáil le cruthú shruth AE d'oifigigh laistigh den státseirbhís le tabhairt faoin concours AE, rud a shásódh freisin éilimh na Ranna ar oifigigh ardoilte i limistéir bheartais AE.

Thabharfaí oiliúint d'oifigigh i mbeartais AE, san fhorbairt ghairmiúil, i bhfoghlaim teangacha; agus thabharfaidís faoi dhian-ullmhúcháin do chomórtais AE. Shannfaí iad siúd a bheadh earcaithe chun an tsrutha freisin do phoist le béim ar Bheartas AE agus Idirnáisiúnta ar fud na státseirbhíse.

Anuas ar an méid sin, bheadh an deis ag na hoifigigh sin a gcuid taithí i ndáil leis an AE a charnadh trí obair mar ataiséanna Rannacha i mBuan-Ionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach sa Bhruiséil, nó mar Shaineolaithe Náisiúnta ar Iasacht sna hInstitiúidí Eorpacha. Thabharfaí spreagadh go gníomhach dóibh siúd a d'earcófaí tríd an sruth AE chun cur isteach ar phoist sna hInstitiúidí AE ar bhonn rialta.

Cuirfidh an Rialtas tús ar an saothar chun an sruth nua sin a chruthú trí:

- Léarscáiliú a dhéanamh ar an éileamh ar speisialtóirí AE thar gach limistéar den státseirbhís.
- Sainchúrsaí oiliúna féideartha, tacaíocht teanga, agus ábhar staidéir a léarscáiliú do chomhaltaí an tsrutha chun a chinntiú go mbíonn siad ullmhaithe go maith do chomórtais earcaíochta AE.
- Postálacha agus socrúcháin d'oifigigh sna hInstitiúidí Eorpacha a léarscáiliú (m.sh. mar SNInna), i mBuanionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach agus mar chuid de chláir mhalartaithe le státseirbhísí na mBallstát eile AE.
- Formheas do mhaoiniú agus bailchríoch a chur le struchtúr an chláir

GAIRM SAN AE



## Virginia Quirke

### Ionad Cuairteoirí an Choimisiúin Eorpaigh


" Táimse ag obair in Ionad Cuairteoirí an Choimisiúin Eorpaigh sa Bhruiséil. Feidhmíonn an tIonad príomhról chun gníomhartha agus cinntí an AE a chur in iúl. Is é an ról atá agam ár ngníomhaíochtaí a chur chun cinn, agus teacht ar an mbealach is fearr le teachtaireachtaí soiléire a chur in iúl do na 50,000 cuairteoir a thugann cuairt ar an Ionad in aghaidh na bliana.

Tar éis dom staidéar a dhéanamh ar an bhFraincis, thaistil mé chun na Bruiséile agus chuir mé fúm ar tholg mo choil ceathrair nuair a bhí mé ag lorg poist. Cé gur chomórtas rí-iomaíoch a bhí ann, d'éirigh liom i gcomórtas chun obair sa Choimisiún Eorpach.

Tar éis dhá bhliain d'obair sa Bhruiséil, chuaigh mé ar fánaíocht i mo ghairm arís ar chlár cabhrach an AE don Phalaistín. Agus an choimhlint leanúnach ar siúil idir an tIosrael agus an Phalaistín, tháinig dúshláin nua aníos gach aon lá.

Agus mé ag baint leasa as an deis chun Cead Neamhláithreachta a fháil ón gCoimisiún, d'fhan mé in Iarúsailéim chun mian mo chroí a fhíorú le bheith i m'iriseoir, agus chlúdaigh mé an cás thall le breis agus dhá bhliain sular fhill mé ar an mBruiséil chun mo ról reatha a ghlacadh."





## 3. Spreagadh a thabhairt d'athchóiriú ar phróiseas earcaíochta an AE

Tá Éire ar cheann de 11 Bhallstát AE a mbíonn gannionadaíocht i measc a saoránach ar ghrád bunleibhéil do chéimithe sa Choimisiún. Tá na tíortha sin tar éis brústocaireacht a dhéanamh ar an gCoimisiún le haghaidh réimse beart struchtúrach nithiúil le haghaidh a thabhairt ar éagothroimí tíreolaíocha. Beart amháin a bhfuil Éire agus tíortha eile i bhfách leis is ea reáchtáil comórtas bunaithe ar náisiúntacht.

Foilseoidh an Coimisiún Eorpach Straitéis AD nua amach sa bhliain 2021. Ina theannta sin, tá EPSO ag iniúchadh a próiseas féin lena chinntiú go gcoinníonn sí uirthi ag mealladh agus ag coinneáil iarrthóirí ardchaighdeáin d'fholúntais bhunleibhéil a thagann aníos ar fud institiúidí an Aontais.

Beartóidh an Rialtas sna blianta amach romhainn:

- Rannpháirtíocht a dhéanamh leis na hInstitiúidí Eorpacha agus leis an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne maidir le hathchóiriú ar bith amach anseo ar phróiseas earcaíochta an AE.
- Obair i gcomhpháirt le Ballstáit a bhfuil an dearcadh céanna acu agus atá aige féin chun a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar na fadhbanna struchtúracha óna dtagann na héagothroimí tíreolaíocha i líon foirne na nInstitiúidí AE.

*Oibríonn an chuid is mó d'oifigigh an AE sa Bhruiséil nó i Lucsamburg (sa phictiúr)*
*© Ionadaíocht na hÉireann sa Choimisiún Eorpach: Léargas*

# 7

# Conclúid

Tá ballraíocht na hÉireann mar chuid den Aontas Eorpach tar éis cuidiú le hathrú na tíre ón mbonn aníos. Táimid tiomanta lenár n-ionad ag croílár na hEorpa a choinneáil go ceann blianta fada eile, agus go gcoinneoidh oifigigh Éireannacha ag feidhmiú ról lárnach i saothar na nInstitiúidí agus na nGníomhaireachtaí ar fud na mór-roinne.  Cuideoidh an straitéis seo le fíorú na físe sin.

Cuirfear tús le cur chun feidhme gach aon cheann de na gníomhphointí a leagtar amach sa straitéis seo sna míonna amach romhainn, le dlúthbhaint na Roinne Gnóthaí Eachtracha, na Roinne Caiteachais agus Athchóirithe Phoiblí, na Roinne Oideachais, na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus na ngeallsealbhóirí eile lena n-áireofar Gluaiseacht na hEorpa in Éirinn.

Is é Coiste Idir-Rannach um Fhoirniú in Eagraíochtaí Idirnáisiúnta a mhaoirseoidh cur chun feidhme na straitéise. Foilseoidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha nuashonruithe rialta maidir le rolladh amach agus cur chun feidhme na straitéise.




*© Ionadaíocht na hÉireann sa Choimisiún Eorpach: Léargas*

# Iarscríbhinn I
# Ionadaíocht na hÉireann sna hInstitiúidí AE

Tar éis tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón AE, is ionann daonra na hÉireann agus timpeall ar 1.1% de dhaonra iomlán an AE anois.

Feictear ionadaíocht leordhóthanach de shaoránaigh Éireannacha faoi láthair ar fud chomhlacht foirne na nInstitiúidí AE i gcoibhneas lenár ndaonra. Mar sin féin, is lú ár líon oifigeach ar leibhéil bhunbhainistíochta agus mheánbhainistíochta ná mar ba cheart dó a bheith. Tá líon na nÉireannach a fuair poist bhuana san Aontas le blianta beaga anuas tar éis athrú go mór, agus tá sé faoi bhun an mheáin don AE trí chéile.

Ní sholáthraíonn Éire ach iarrthóir amháin nó beirt a n-éiríonn leo in aghaidh na bliana sna comórtais AD5 do Riarthóirí Ginearálta. Cé go bhfuil an leibhéal sin ar chóimhéid lenár ndaonra a bheag nó a mhór, ní leor é le líon na n-oifigeach ag dul ar scor a ionadú.

# Iarscríbhinn II
# Miniú ar líon na n-Earcach Éireannach

Sheol Thomas Byrne T.D., an tAire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha, comhairliúchán poiblí i nDeireadh Fómhair 2020 maidir leis an straitéis seo.

Fuarthas 124 freagra don chomhairliúchán ó dhaoine in Éirinn agus ó fud na hEorpa. Ba mhachnamhach agus mionsonraithe iad na freagraí a fuarthas. Aithníodh fachtóirí i go leor de na haighneachtaí a rannchuidíonn le líon íseal na nÉireannach a fhaigheann fostaíocht bunleibhéil sna hInstitiúidí AE, agus léirítear a gcuid moltaí sa straitéis seo.

Le blianta beaga anuas, bíonn duine nó beirt bhuaiteoirí ag Éirinn in aghaidh an chomórtais, arbh ionann agus timpeall 1% den líon iomlán roghnaithe. Ní leor an ráta earcaíochta sin ámh le líon na n-oifigeach Éireannach a bheidh dlite le dul ar scor sna blianta amach romhainn a ionadú.

Feidhmíonn roinnt fachtóirí tionchar ar an líon cuibheasach íseal iarratas a fhaightear ó Éireannaigh:



## 1. Teangacha

Reáchtáiltear comórtais earcaíochta EPS in dá theanga AE, rud a chiallaíonn go gcaithfidh scileanna teanga den scoth a bheith ag iarrthóirí. Bíonn iarrthóirí Éireannacha taobh thiar sa ghné sin den chomórtas i gcomparáid lena gcomhghleacaithe AE, óir is íseal i gcoitinne é leibhéal na gnóthachtála dara teanga in Éirinn.

## 2. Margadh post intíre láidir (roimh an bpaindéim Covid-19)

Tháinig laghdú bliain i ndiaidh a chéile ar líon na n-iarrthóirí Éireannacha ag cur isteach ar phoist agus oiliúnachtaí sna hInstitiúidí ón mbliain 2013 i leith. Ba léiriú é sin ar gheilleagar baile a bhí láidir, agus daoine cáilithe ag teacht ar fhostaíocht oiriúnach ar phá ard níos fusa agus níos tapúla ná mar ba ghnách roimhe sin. Bhí an claonadh i measc na mBallstát leis an líon coibhneasta iarratasóirí is airde go bhfacthas leibhéil arda dífhostaíochta óige iontu, agus bíonn tuarastail áitiúla i roinnt Ballstát níos ísle ná na tuarastail in Éirinn, rud a mheallann níos mó cuardaitheoirí poist chuig an bhfostaíocht sna hInstitiúidí thall.

## 3. An deacracht a bhraitear leis an bpróiseas

I gcás na gcomórtas AD5, éiríonn le níos lú ná 10% d'iarratasóirí sa chéad bhabhta de na Trialacha Ríomhaire-bhunaithe, ina leagtar béim dhíréireach ar an gcéim réamhagallimh den chomórtas. Is iondúil go gcaithfidh iarrthóirí rathúla go leor ama a chaitheamh ag déanamh staidéir agus i mbun cleachtaidh ar na trialacha samplacha. Is amhlaidh dá réir a thagann toradh íseal ar infheistíocht ama iarrthóirí sa staidéar agus san ullmhúchán i gcomhair trialacha EPSO.

## 4. Fad an phróisis

Is deacair agus is fadálach é próiseas earcaíochta EPSO. Fiú féin má éiríonn leis na hiarrthóirí, féadfaidh sé dhá nó trí bliana a chaitheamh nó go sannfar chuig poist iad. Is iondúil go n-earcaítear an chéad díorma d'iarrthóirí rathúla laistigh d'aon bhliain amháin, agus cuirtear ar liosta cúltaca daoine eile a bhaineann amach an caighdeán cáilithe. Féadfaidh sé bliain nó dó eile a ghlacadh sula n-earcófar ó liosta cúltaca iad. Is rídhócha go mbeidh fostaíocht mhalartach faighte ag iarrthóirí idir an dá linn.

*© Ionadaíocht na hÉireann sa Choimisiún Eorpach: Léargas*

# Nótaí

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

dfa.ie